Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10131/24**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0112(NLE)**

**AELE 47**
**FL 27**
**ISL 23**
**MI 520**
**N 34**
**EMPL 215**
**SOC 379**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse |

DRÉACHT

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. …**

an […]

**lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE,**
**maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí leanúint de chomhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE i ngníomhaíochtaí an Aontais a chistítear ó bhuiséad ginearálta an Aontais agus a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe, comhordú scéimeanna slándála sóisialta agus bearta le haghaidh imirceach, lena n-áirítear imircigh as tríú tíortha.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go mbeidh an comhar leathnaithe sin ann ón 1 Eanáir 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I míreanna 5 agus 14 d'Airteagal 5 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, cuirtear na focail 'blianta airgeadais 2021, 2022, 2023 agus 2024' in ionad na bhfocal 'blianta airgeadais 2021, 2022 agus 2023'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, ...

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*